




# Matamaitic

## Céim 4 (Rang 5 & 6)

## Aonad Oibre Samplach 4

## Snáithe: Tomhais

## Snáithaonad: Ag tomhas



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge

Is féidir liom

- úsáid a bhaint as réimse stór focal agus frásaí a bhaineann le meáchan, m.sh níos éadroime, níos troime, meá chistine, scálaí seomra folctha
- Tuiscint a léiriú trí treoracha a leanúint, m.sh: rudaí a chur in ord
- Tuar agus Machnamh a dhéanamh as Gaeilge – Ceapaim go bhfuil an iomarca ríse sa mhála sin. An bhfuil 200g de leite difriúil ná 200g de rís?

Ar chuir tú **an mheá** ag a náid.

Ceapaim go bhfuil 50 gram sa mhála anois.

Caithfimid iad a chur san ord ceart. Seo an ceann is troime.

Mo mheastachán ná 46 gram. Céard fútsa?





An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Mata: Is féidir liom...

Is féidir liom teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach

Is féidir liom tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Réamh-mhúineadh na Teanga

Ar shleamhnáin 5 go 15 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata.

<u>Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.</u>

1. Cluichí Comhairimh- Cluiche- Ag Comhaireamh mar Chór (Sl. 5), Fizz Buzz as Gaeilge (Sl.6)
2. Múineadh foclóra a bhaineann le meáchan Sl.7-8
3. Aimsigh na Patrúin- ag díriú ar na bunuimhreacha roimh 'l' (Sl 9-10)
4. Chuaigh Mamó go dtí an siopa agus cheannaigh sí.../ Cluiche Tomhais: Sl. 11-13
5. Spreagadh: Vótáil Siúil/ Léitheoireacht maidir le Meáchan (Sl. 14-16) (Réamhghníomhaíocht do Phríomhghníomhaíocht 2)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Cór ag Comhaireamh



Grúpa 1:
Bígí ag comhaireamh in aonaid- a haon, a dó, a trí, a ceathair,



Grúpa 2:
Bígí ag comhaireamh i ndeicheanna, mar shampla- a trí déag, a fiche trí, a triocha trí, a ceathracha trí, a caoga trí,



Grúpa 3:
Bígí ag comhaireamh i gcéadta, mar shampla- aon chéad is a dó dhéag, dhá chéad is a dó dhéag, trí chéad is a dó dhéag, ceithre chéad is a dó dhéag....

Físeán Béarla ar fáil ag [https://www.youtube.com/watch?v=QG17n4GIj2o](https://www.youtube.com/watch?v=QG17n4GIj2o)

# Fizz Buzz as Gaeilge

Seasaigí i gciorcal.

Tosóidh duine ag comhaireamh.

Duine i ndiaidh duine, abair an chéad uimhir eile.

ACH- i gcomhair gach iolra de 3 abair fizz, agus i gcomhair gach iolra de 5 abair buzz.

Mar seo- aon, dó, fizz, ceathair, buzz, fizz, seacht,
ocht, fizz, buzz, aon déag, fizz, ceathair déag....


**FIZZ= 3,6,9,12,15,18,21,24...**


**BUZZ= 5,10,15,20,25,30...**

Cliceáil ar an nasc thíos chun tuilleadh gníomhaíochtaí comhairimh a fháil ó PMC Oide.

Leagan Béarla    Leagan Gaeilge








# meáchan
# an mheá
# meánn
# a mheá

## Conas a úsáidtear/deirtear na focail thuas- seiceáil ar Teanglann.ie



weigh

1. VERB be particular weight
2. VERB measure weight of
3. VERB consider merits of
4. VERB affect, influence
5. VERB be factor

PHRASES

1 VERB be particular weight *INTRANSITIVE*
meáigh *verb* C M U
**it weighs 70 kg** meánn sé 70 kg, tá 70 kg meáchain ann
**how much do you weigh?** cén meáchan atá ionat?
**this one weighs much more** tá an ceann seo i bhfad níos troime
**you weigh less in the morning** bíonn tú níos éadroime ar maidin


2 VERB measure weight of *TRANSITIVE*
meáigh *verb* C M U
**to weigh yourself** tú féin a mheá
**I weighed the fish** mheáigh mé an t-iasc


SHOW FULL ENTRY

3 VERB consider merits of *TRANSITIVE*
meas *verb* C M U
cuir sa mheá C M U
**the judge weighed all the evidence** rinne an breitheamh an fhianaise uilig a mheas

4 VERB affect, influence *INTRANSITIVE*
**his age is weighing against him** tá a aois ag dul ina aghaidh
**that'll weigh in her favour** rachaidh sé sin chun tairbhe di
**the decision weighed heavily with me** chuir an cinneadh isteach go mór orm

5 VERB be factor *INTRANSITIVE*
**politics weighed heavily in their decision** bhí baint nach beag ag an bpolaitíocht lena gcinneadh











Tá acmhainní Gaeilge do chuile ábhair ar fáil ar shuíomh COGG ‘An Táirseach’, mar shampla an PPT thíos,



# Aimsigh na Patrúin

**Obair ghrúpa: Cad a thugann sibh faoi deara? An bhfuil aon phatrún?**



*Ag comhaireamh le haonaid tomhais.*


| g | kg | t |
|---|---|---|
| aon ghram | aon chileagram | aon tona |
| dhá ghram | dhá chileagram | dhá thona |
| trí ghram | trí chileagram | trí thona |
| ceithre ghram | ceithre chileagram | ceithre thona |
| cúig ghram | cúig chileagram | cúig thona |
| sé ghram | sé chileagram | sé thona |
| seacht ngram | seacht gcileagram | seacht dtona |
| ocht ngram | ocht gcileagram | ocht dtona |
| naoi ngram | naoi gcileagram | naoi dtona |
| deich ngram | deich gcileagram | deich dtona |

1000 gram atá in 1 chileagram

1000 cileagram atá in 1 tona




Póstaer anseo agus
míniú breise iontach anseo







Tá sraith iontach de phóstaeir comhairimh saor in aisce ar fáil ar shuíomh Foras na Gaeilge. Féach anseo!

Tar éis do na páistí an riail a oibriú amach iad féin ó Shleamhnán a 9, bheadh sé go maith na póstaeir seo a chrochadh sa scoil mar mheabhrúchán. Úsáid uimhreacha le hainmfhocail go minic le linn na Gaeilge neamhfhoirmiúla i rith an lae.

# Chuaigh Mamó go dtí an siopa agus cheannaigh sí...
# Cluichí Cainte/ Corpoideachais

Glasraí – oinniúin, cairéid, prátaí, meacain bhána srl.
Torthaí – úlla, oráistí, plumaí, fíonchaora, bananaí srl.
uatha / iolra

1. Babhla torthaí/glasraí- Gníomhaíocht Éisteachta: Babhla Torthaí Suíonn na leanaí i gciorcal. Tugann an múinteoir ainm ar leith do na leanaí (foclóir/focail ón gceacht Gaeilge, mar shampla, úll, oráiste, banana, piorra agus araile. Seasann an múinteoir i lár an chiorcail agus nuair a ghlaonn an múinteoir focal ar leith amach (m.sh. piorra) caithfidh gach leanbh a bhfuil an focal sin aige/aici bogadh timpeall go háit nua.

2. Cluiche Cainte Cuimhne/Corpoideachais: Chuaigh Mamó go dtí an siopa aus cheannaigh sí/ C
Páiste 1: Chuaigh Mamó go dtí an siopa agus cheannaigh sí .... bananaí
Páiste 2: Chuaigh Mamó go dtí an siopa agus cheannaigh sí bananaí agus oinniúin... is araile


Forbairt: Chuaigh Mamó ag an siopa agus cheannaigh sí cíleagram de .... bhananaí, phiorraí is araile.



3. Spreag an Ghaeilge le Spraoi
https://www.youtube.com/watch?v=tDTuM5y4E-s
Forbairt: Pioc suas an toradh/glasra ceart: Is féidir cur leis an gcluiche seo go gcaithfidh an páiste an rud ceart a phiocadh suas a thabhairt ar ais leo agus a chur sa mhála siopadóireachta mar chuid den rás sealaíochta.



# Cluiche Tomhais: Cad a cheannaigh mé?




**Páiste leis an gcárta: Chuaigh mé go dtí an siopa.**
**Agus cheannaigh mé glasra/toradh.**

**5 cheist:**
**Cluiche Grúpa-**
**Piocann páiste cárta.**
**Caithfidh na páistí eile buille faoi thuairim a dhéanamh cad atá ann.**
**Tá cead acu 5 cheist a chur.**

**Cad a cheannaigh mé?**

**Páiste leis an gcárta: Chuaigh mé go dtí an siopa.**
**Agus cheannaigh mé glasra/toradh**

**Leidchárta:**
**An bhfuil dath ---- orthu?**
**An bhfuil siad mór?**
**An itheann tú iad don bhricfeasta? don lón? i milseog?**
**An bhfuil siad searbh? An bhfuil siad milis?**
**An bhfuil siad cruinn mar liathróid?**
**An glasra fada iad?**
**An itheann coiníní iad?**



úlla



fíonchaora



plumaí



oráistí



líomóidí



cairéid



piorraí



bananaí



prátaí



oinniúin



meacain bhána




píseanna

# Vótáil Siúil: Cé acu ceann is troime?

**An  liathróid de bhandaí rubair is mó ar domhain de réir an Guinness Book of Records nó an líomóid is troime ar domhain de réir an Guinness Book of Records?**





Siúil go dtí an balla leis an bhfcal 'liathróid de bhandaí rubair' scríofa air.

Téigh go dtí an balla leis an bhfocal 'líomóid' scríofa air.

Cuir na páistí i mbeirteanna, A agus B. Beidh A ag léamh faoin liathróid rubair agus beidh B ag léamh faoin líomóid. Abair le páistí A teacht go barr an tseomra agus na bileoga faoin liathróid rubair a léamh. Abair le B dul go bun an tseomra agus na bileoga faoin líomóid a léamh. Ansin caithfidh na páistí dul ar ais ag a bpáirtí GAN AN BHILEOG EOLAIS agus cinneadh a dhéanamh cé acu an rud is troime an líomóid nó an liathróid rubair.

## A: AN LIATHRÓID RUBAIR IS MÓ

Tá Joel Waul, ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá, SAM, i seilbh an taifid don liathróid rubair is mó.

Tá meáchan 4,097 cileagram (9,032 punt) ag an liathróid agus tomhaiseadh í i Florida, ar an 13 Samhain, 2008.




## B: AN LIOMÓID IS TROIME

D'fhás Aharon Shemoel an líomóid is troime ar domhan.

Bhí meáchan 5.265 cileagram (11 phunt, 9.7 unsa) aici.

Fásadh í ar a fheirm i Kfar Zeitim, Iosrael, ar an 8 Eanáir, 2003.



# Scafláil don Teanga

Cé acu is troime?
Cé acu is éadroime?
Bhí meáchan XXXX ag an liathróid de bhanda rubair.
Céard faoi an líomóid?
Bhí meáchan XXX ag an líomóid.
Tá an _____ i bhfad níos troime ná an ____ mar sin.
Aontaím leat! Ní aontaím leat!
Is í an liathróid de bhandaí rubair an ceann is troime/ is éadroime.
Is í an líomóid an ceann is troime/is éadroime.

## An Gaol idir Meáchan agus Toilleadh a fhiosrú

Cuir crúiscín folamh ar an meá agus déan cinnte go bhfuil an mheá ag a náid. Ansin bain an crúiscín folamh den mheá.

Doirt lítear uisce isteach sa chrúiscín.
Mínigh do na páistí gur 1L uisce atá ann.
Cuir an crúiscín tomhais ar an mheá arís.

Dírigh aird na bpáistí ar an mheá agus ceistigh iad faoi cad a thugann siad faoi deara. Sa ghníomhaíocht seo gheobhaidh na páistí amach go bhfuil meáchan 1 chileagram ag 1 lítear uisce.

Ar an gcaoi chéanna, is féidir tuilleadh ceisteanna a chur ag úsáid ghnáthchoimeádáin plaisteacha a bhíonn acu sa bhaile cosúil le 500 millilítear, 750 millilítear, agus buidéil 1.25L.

B'fhéidir go bhfaighidh na páistí amach gurb ionann meáchan 1 ceintiméadar ciúbach (1 mhillilítear) uisce agus 1 ghram. Ciallaíonn sé sin go bhfuil meáchan 750 gram ag 750 millilítear uisce.

Beidh cásanna ann freisin ina dtarlóidh sé cur i gcás go mbeidh 1 lítear uisce i mbuidéal plaisteach 1.02Kg. Spreag na páistí chun an chúis a thabhairt go bhfuil difríocht bheag ann (m.sh. meáchan an bhuidéil = 200g).







# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1B)

**Gnáthrudaí a úsáid chun meáchan a mheas agus a thomhas.**

- Ullmhúchán: meá (do gach grúpa), leabhair Mhata, buidéal le leacht ann, buidéal tippex, geansaí scoile, réam páipéir, péire bróg, cóta, seaicéad srl. Bileog le líonadh ag na páistí (féach thíos mar shampla).
- Gníomhaíocht: Tabhair liosta de ghnáthrudaí do na daltaí agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag úsáid meá chun meáchan gach rud atá ar an liosta a fháil. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad meastachán a dhéanamh ar dtús. Ansin beidh orthu na rudaí a mheá agus an meáchan ceart a scríobh síos i bhfoirm gram agus Kg.
- Déan cúpla sampla leis an rang ar dtús:
- Forbairt: Is féidir leis na páistí meáchan i gcileagraim a líonadh isteach mar chodáin nó mar dheachúlacha.









| | Mo Mheastachán | Meáchan i ngraim (g) | Meáchan i gcileagraim (Kg) |
|---|---|---|---|
| Do leabhar Mata | | | |
| Buidéal lán d'uisce nó de bhainne | | | |
| Buidéal tipp ex | | | |
| Geansaí scoile | | | |
| Liathróid pheile nó liathróid chispheile | | | |
| Réam páipéir | | | |
| Péire bróg | | | |
| Cóta/seaicéad | | | |
| Mála scoile | | | |
| Úrscéal | | | |


# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1B)

## Obair Ghrúpa: Rás Sealaíochta Cuimhne*

Cuir póstaer folmha ar an mballa/nó leagtha amach ar chláir bháin timpeall an tseomra, ceann le haghaidh an ghrúpa. Caithfidh duine amháin ó gach fhoireann ag an am dul suas agus focal ón liosta a scríobh suas san áit cheart. Beidh an bua ag an gcéad ghrúpa le liosta iomlán líonta san ord ceart. Caithfidh na focail a bheith scríofa as Gaeilge agus mar sin bíonn ar an duine smaoineamh ar an bhfocal atá siad chun a scríobh agus iad ag dul suas. Má críochnaíonn dhá fhoireann ag an am céanna, an réiteach ná na freagraí leis an litriú is fearr. Níl cead caint leis an duine nuair atá siad ag scríobh ach is féidir caint sa ghrúpa.

**Cuir san ord ceart iad ag tosú leis an gceann is éadroime.**












- Le cur in oiriúint don rang de réir chumas na bpáistí.

# Cuir san ord ceart iad ag tosú leis an gceann is éadroime.







# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)

**Meastachán a dhéanamh ar mheá agus comparáid a dhéanamh**






- Ullmhúchán: Boscaí plaisteacha líonta le cineálacha éagsúla nithe ar nós rís, leite, pasta de chineáil éagsúla, piseanna, gaineamh srl.
- Málaí le meáchain éagsúla scríofa orthu mar shampla 50g, 75g, 100g, 200g agus 250g.

- Gníomhaíocht: Taispeáin málaí plaisteacha le meáchain éagsúla scríofa orthu (50g, 75g, 100g srl.) don rang. Abair le grúpa amháin páiste go mbeidh siad ag fiosrú 50g agus grúpa eile go mbeidh siad ag fiosrú 75g agus mar sin de. Abair leis na páistí sa chéad ghrúpa tosú leis an mála le 50g scríofa air. Ansin, iarr orthu rud éigin m.sh. pasta nó rís a roghnú agus an méid a cheapann siad a mheánn 50g a phiocadh amach. Abair leo an pasta nó rís a chur isteach sa mhála le 50g scríofa air. Iarr orthu an mála plaisteach a mheá chun féachaint an raibh an ceart acu. Caithfidh siad meáchan 50g a dhéanamh trí níos mó a chur isteach nó a bhaint. Iarr orthu an rud céanna a dhéanamh leis na nithe eile m.sh. leite, piseanna, gaineamh srl. Déanfaidh na páistí comparáid idir an méid pasta, rís, leite, gaineamh atá sna málaí plaisteacha agus a bhfuil an meáchan céanna iontu. An bhféachann 50g pasta mar an gcéanna le 50g rís? An bhféachann 50g gaineamh mar an gcéanna le 50g leite?

*Forbairt: Iarr ar na páistí an meáchan a athrú isteach i gcodáin nó i ndeachúlacha mar a rinne siad le toilleadh m.sh. 200g = 0.2kg nó 2/10 kg*

| Grúpa: Na Faoileáin. Meáchan: 50g | Rís  | Leite  | Pasta  | Marla  | Píseanna  |
|---|---|---|---|---|---|
| Cé mhéad eile /níos lu de gach ceann acu a theastóidh uaim chun mo mhála meáchain a dhéanamh? | -2.3g | +9.7g | | | |



| | Rís  | Leite  | Pasta  | Marla  | Píseanna  |
|---|---|---|---|---|---|
| Cé mhéad níos mó/níos lú de gach ceann acu a theastóidh uaim chun mo mhála meáchain a dhéanamh? | | | | | |

# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)

**Príomhghníomhaíocht 3:**

Stáisiúin Mheastacháin

Don ghníomhaíocht seo beidh glasraí agus torthaí éagsúla ag teastáil ar nós prátaí, oinniúin, oráistí, cairéid, úlla, bananaí srl. Is féidir iarraidh ar na páistí torthaí agus glasraí a thabhairt isteach. Tabhair meá do gach grúpa agus málaí chun torthaí agus glasraí a mheá.

Gníomhaíocht: Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun siopadóireacht do thorthaí agus do ghlasraí a dhéanamh inniu. Caithfidh siad liosta siopadóireachta a scríobh agus meastachán a dhéanamh ar cé mhéad toradh nó glasra a bheidh gar do mheáchan chileagram amháin (1kg). Mínigh do na daltaí go mbeidh sé deacair teacht ar chileagram amháin (1kg) go cruinn beacht agus mar sin gur leor meáchan atá gar go leor do 1kg. Ag úsáid na nglasraí/dtorthaí atá ann, ig do dhaltaí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo mála earraí grósaera a chruthú atá gar do mheáchan chileagram amháin (1kg).

Tabhair na prátaí, oinniúin, oráistí, líomóidí, agus cairéid do na daltaí agus iarr orthu iad a chur i málaí a mbeidh meáchan 1 kg an ceann acu.

Is féidir leo cloí le toradh ná glasra amháin ar dtús agus ansin torthaí agus glasraí a mheascadh chun iarracht ar mheáchan chileagram amháin (1kg) a dhéanamh.

Pléigh a gcuid torthaí leo.

Forbairt: Is féidir leis na páistí a liostaí siopadóireachta pearsanta a scríobh agus a mheá.










# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice 4: Cad é an meastachán is congaraí?


Beidh 3 seit cártaí ag teastáil agus 6 chárta taifid chomh maith leis an liosta thíos: 3 chupán 3 phláta 3 ghloine 3 rolla páipéar leithris 3 chás pinn luaidhe 3 bhosca lóin 3 seit de 5 leabhair mata 3 fhillteán 3 mhála scoile 3 mheá chistine 3 scálaí seomra folctha 3 mheá chothromaíochta (balance weight) Pinn luaidhe agus páipéar ag na páistí.


<u>An bhfuil na nithe seo a leanas ag do ghrúpa?</u>







| Rud (item) | Meastachán meáchain (g & Kg) | Meáchan ceart | Meáchan ceart mar chodán | Meáchan ceart i bhfoirm dheachúlach | An difríocht idir meáchan ceart agus meastachán |
|---|---|---|---|---|---|
| m.sh. cupán | 0kg 150g | 125g | 125/1000Kg | 0.125kg | 25g |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |




















## Ullmhúchán:

Roinn na daltaí isteach i 3 ghrúpa de 8-10 páiste agus abair leo go mbeidh siad ag déanamh meastacháin ar mheáchan na rudaí ar an mbord. Beidh 9 gcárta imeartha ar gach bord (aghaidh síos) agus dhá bhileog thaifid.

Abair le gach grúpa iad féin a roinnt in dhá fhoireann.Beidh bileog thaifid ag gach aon fhoireann. Beidh na cártaí imeartha (aghaidh síos) ar an mbord os a gcomhair.









# Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice 4: Cad é an meastachán is congaraí?

Abair le gach grúpa iad féin **a roinnt in dhá fhoireann, Foireann A agus Foireann B**. Beidh na cártaí imeartha (aghaidh síos) ar an mbord os a gcomhair. Casann duine amháin ón gcéad fhoireann i ngach grúpa an cárta ar barr agus léann siad é amach go hard, "Cad a mheánn an cupán?" Téann an fhoireann i gcomhairle le chéile agus nuair atá siad aontaithe ar fhreagra scríobhann siad an meastachán sa spás ceart ar an gcárta taifid.

Ansin déanann an duine a chas an cárta an meáchan ceart a fháil. Scríobhann na páistí an meáchan ceart ar an gcárta taifid. Is féidir iarraidh ar na páistí an meáchan ceart a athainmniú mar chodán de kg nó mar chodán deachúlach de kg agus scríobhann siad an freagra san áit cheart ar an gcárta taifid.

Caithfidh siad an difríocht idir an meastachán agus an meáchan ceart a oibriú amach agus an difríocht a scríobh ar an gcárta taifid.

Casann an chéad imreoir ar an bhfoireann eile an chéad chárta eile agus leanann an fhoireann sin ar aghaidh ag déanamh meastacháin ar dtús, ag meá, ag athainmniú srl agus líonann siad isteach an cárta taifid.
Leanann an dá fhoireann ar aghaidh ag imirt go dtí go bhfuil na cártaí go léir imithe agus seans faighte ag gach imreoir.
Nuair atá siad réidh déanann gach foireann na difríochtaí a scríobh siad ar an gcárta taifid a shuimiú (an colún deireanach).

BUA: **Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an iomlán is lú**. Mar sin beidh buaiteoirí i ngach grúpa.
Ansin cuireann na páistí na rudaí in ord meáchain ag tosú leis an gceann is éadroime.



# Foireann 1A

# Grupa 1

# Foireann 1B




| Rud (item) | Meastachán meáchain (g & Kg) | Meáchan ceart | Meáchan ceart mar chodán | Meáchan ceart i bhfoirm dheachúlach | An difríocht idir meáchan ceart agus meastachán |
|---|---|---|---|---|---|
| m.sh. cupán | 0kg 150g | 125g | 125/1000Kg | 0.125kg | 25g |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

| Rud (item) | Meastachán meáchain (g & Kg) | Meáchan ceart | Meáchan ceart mar chodán | Meáchan ceart i bhfoirm dheachúlach | An difríocht idir meáchan ceart agus meastachán |
|---|---|---|---|---|---|
| m.sh. cupán | 0kg 150g | 125g | 125/1000Kg | 0.125kg | 25g |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

| Rud (item) | Meastachán meáchain (g & Kg) | Meáchan ceart | Meáchan ceart mar chodán | Meáchan ceart i bhfoirm dheachúlach | An difríocht idir meáchan ceart agus meastachán |
|---|---|---|---|---|---|
| *m.sh. cupán* | *0kg 150g* | *125g* | *125/1000Kg* | *0.125kg* | *25g* |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Rang: 5 & 6

Cártaí imeartha do lá 4


| | | |
|---|---|---|
| Cad a mheánn an **ghloine?** | Cad a mheánn an **rolla páipéar leithris?** | Cad a mheánn an **cupán?** |
| Cad a mheánn an **cás pinn luaidhe?** | Cad a mheánn an **bosca lóin**? | Cad a mheánn **5 leabhar mata**? |
| Cad a mheánn an **fillteán**? | Cad a mheánn an **pláta**? | Cad a mheánn an **mála scoile**? |

# Comhrá:


Déan comparáid idir na meastacháin a bhí agaibh agus na tomhais.



Meastachán



Tomhas



Difríocht (Meastachán v Tomhas)

An meastachán ná 50g

An tomhas ná 0.176kg

An difríocht ná 126g.

Ag úsáid na leideanna thuas, is féidir leis na páistí comparáid a dhéanamh idir na meastacháin a bhí acu agus na torthaí. Is féidir leo na torthaí a phlé ina ngrúpaí.

# Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíochtaí

**Iarghníomhaíochtaí Mhata**:

- **Forbairt-Oibríochtaí:** Is féidir bogadh ar aghaidh ansin agus na páistí a cheistiú dá mbeadh siad ag roghnú 6 rud leis an meáchan céanna cén meáchan iomlán a bheadh orthu (m.sh. 6 úll, nó 6 phláta). Mar shampla, cén meáchan a bheadh ag 6 chupán? An uair seo beidh na páistí ag méadú. Má tá meáchan 265g ar chupán amháin, an meastachán a dhéanfaidh siad ná 265g X 6=1590g nó 1Kg 590g.
- **Tráth na gCeist Kahoot** maidir le Meáchan (Sleamhnán 34)
- **Sprioc-Chlár Mata** (Sleamhnán 35)

**Tréimhse Iarchumarsáide Gaeilge**

An teanga faoi mheáchan a úsáid i gcomhthéacs eile: TG4 Foghlaim: Ag cócaireacht le Diarmuid Ó Mathúna> Donnóga
Féach ar an bhfíseán seo nó ceann eile le Diarmuid- scríobh liosta siopadóireachta agus liostaigh na comhábhair a bheadh san oideas. Nó d'fhéadfadh grúpaí éagsúla féachaint ar Dhiarmuid ag ullmhú béilte éagsúla agus ansin is féidir leo na comhábhair a phlé lena chéile.

**Acmhainní Eile**

- https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/
- https://www.rte.ie/learn/2020/0605/1145407-rang-5-rang-6-mata-meachan/
- An Táirseach> Acmhainní faoi Mheáchan
- Torthaí ag Corraí – Funky Fruit [Bizzy Breaks]
- https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-uimhirmhea/
- https://ccea.org.uk/sites/default/files/mol-mata/siopadoireacht-bhia_0.pdf

# Ag Déanamh Donnóga le Diarmuid

Féach ar an bhfíseán seo.

Scríobh liosta siopadóireachta de na comhábhair a bheidh ag teastáil.


An féidir an t-oideas a scríobh amach i ngrúpaí?

# Féinmheasúnú

| | |
|---|---|
| Is féidir liom rudaí a chur in ord de réir an mheáchain. | |
| Is féidir liom meastachán maith a dhéanamh ar mheáchan earraí éagsúla. (Déanaim meastachán maith faoi cé mhéad g nó kg atá i gcupán mar shampla). | |
| Is féidir liom an gaol idir millilítear agus gram a mhíniú i m'fhocail féin as Gaeilge. 100ml = ____g | |
| Is féidir liom an difríocht idir meastachán agus meáchan ceart a léiriú i ngram nó i gcileagram (mar uimhir dheachúil nó mar chodán. | |
| Ar fhoghlaim tú aon **<u>fhocail nó fhrásaí nua</u>** inniu? Breac síos roinnt samplaí sa bhosca (5 ar a laghad). | |

Tráth na gCeist Kahoot:

https://create.kahoot.it/details/325127ca-78dd-4cce-8474-aa79a2ff4a6a



MEÁCHAN

# Sprioc-Chlár: Meáchan

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 750g | ¼ kg | 125g | 0.1kg | ½ kg |
| 0.8kg | 1.5kg | 80g | 995g | 1040g |
| 0.46kg | 5g | 2.1kg | 702g | 2100g |
| 250g | 1.04kg | 1.04kg | 0.08kg | 5kg |
| 1050kg | 0.75kg | 100g | 123g | 876g |

https://pmc-oide.s3.eu-west-1.amazonaws.com/wp-content/uploads/2024/06/06132158/Sprioc-Chlar-Meachan-Ceim-4-Ag-Tomhas.pdf

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tomhas - Meáchan

## Meáchan Foclóir & Frasaí



Níos éadroime
Níos troime
Mar an gcéanna



Doirt 1L uisce



buidéal



crúiscín

## Seo meánna éagsúla chun rudaí a mheá



Scálaí seomra folctha



Scálaí bagáiste



Scálaí cistine



Scálaí Panna

## Le Foghlaim

Meánn 1L uisce 1Kg
*Mar sin*
Tá 1g in 1ml uisce




=






1L = 1000g nó 1kg

500ml = 500g nó ½ kg